Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Tuarascáil na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 don tréimhse: 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021

Ullmhaithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

gov.ie/housing

## Cúrla

Tá sé mar aidhm leis an Acht um Nochtadh Cosanta 2014 creat reachtúil láidir a sholáthar chun oibrithe a tharraingíonn aird ar ábhair imní faoi éagóir fhéideartha ('sceithirí') atá tugtha faoi deara acu ina n-áit oibre a chosaint. Déantar foráil sa reachtaíocht do thacar cuimsitheach de chosaintí fostaíochta agus cosaintí eile do sceithirí a bhfuil pionós curtha ag a bhfostóir orthu nó a bhfuil díobháil déanta ag tríú páirtí dóibh mar thoradh ar aird a bheith tarraingthe acu ar ábhair imní faoi éagóir fhéideartha ina n-áit oibre. Bainfidh siad tairbhe as díolúine shibhialta ó chaingne le haghaidh damáistí agus pribhléid cháilithe faoin dlí clúmhillte. Is ionann nochtadh cosanta a dhéanamh nó a chreidiúint go réasúnta go bhfuil nochtadh cosanta agus cosaint ar aon chaingean lena dtoirmisctear nó lena gcuirtear srian faisnéis a nochtadh.

Sonraítear san Acht roinnt bealaí inar féidir nochtaí a dhéanamh – mar shampla, le fostóir duine (alt 6 den Acht)  nó trí chainéil sheachtracha áirithe lena n-áirítear duine atá forordaithe le hOrdú ón Aire glacadh le nochtadh (alt  7). Chomh maith leis sin, déantar foráil san Acht d'oibrí atá fostaithe i gcomhlacht poiblí nó a bhí fostaithe i gcomhlacht poiblí nochtadh a dhéanamh le hAire Rialtais ar a bhfuil aon fheidhm a bhaineann le comhlacht poiblí arna tabhairt dó/di nó a fhorchuirtear le haon achtachán nó faoi aon achtachán (alt 8).

## Tuarascáil Bhlaintúil

Ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí (faoi Alt 22 den Acht) tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ina sonraítear líon na nochtaí cosanta a fuarthas sa bhliain roimhe sin agus an gníomh a rinneadh (más ann). Níor cheart go mbeadh sé mar thoradh ar an tuarascáil sin go mbeadh daoine a rinne nochtaí le haithint.

Is í seo tuarascáil bhliantúil 2021 na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta faoi Alt 22 den Acht. Is idir an 1 Eanáir 2021 agus an 31 Nollaig 2021 an tréimhse atá i gceist.

Tá an Roinn tiomanta do thacú le cultúr freagrach agus eiticiúil eagraíochtúil. Tuigimid agus táimid bródúil as an ionracas a bhaineann leis an obair a dhéanaimid gach lá. Tarlaíonn sé ó am go ham, áfach, go dtéann rudaí mícheart agus nuair a tharlaíonn sé sin, ní mór an Roinn a chur ar an eolas faoi agus gníomh a dhéanamh ina leith ionas gur féidir an scéal a chur ina cheart. Is é an aidhm atá againn timpeallacht oibre a chothú ina mothaíonn fostaithe ar a gcompord aird a tharraingt ar ábhair imní a bhaineann le héagóir fhéideartha laistigh den Roinn agus na tacaíochtaí riachtanacha a chur ar fáil do na daoine sin a tharraingíonn aird ar ábhair imní dháiríre.

Is féidir teacht ar pholasaí na Roinne maidir le Nochtadh Cosanta anseo. Tugtar soiléireacht ann ar na bealaí éagsúla atá ann chun nochtadh a dhéanamh chomh maith le tuilleadh eolais ar an difríocht atá idir gearáin fostaíochta phearsanta agus nochtaí cosanta.

Tá Grúpa Nochtaí Cosanta (GNC) sa Roinn. Cuireann an GNC, ina bhfuil ceathrar ardoifigeach sa Roinn ann, bealach eile ar fáil d’oibrithe atá ag iarraidh nochtadh a dhéanamh, sa bhreis ar an rogha atá ann an fhadhb a chur in iúl go háitiúil do bhainisteoir líne.

Sa tréimhse lena mbaineann an tuarascáil seo, is cúig nochtadh cosanta a fuair an tAire. Bhain siad sin le comhlachtaí a bhfuil feidhmeanna reachtúla ag an Aire ina leith, i.e. nochtaí faoi ‘alt 8’. Tá measúnachtaí cuí á gcur i gcrích ag an Roinn ar na ceisteanna atá i gceist agus táthar ag obair leis na páirtithe ábhartha de réir mar is cuí.

Fuarthas nochtadh cosanta amháin ó oibrí sa Roinn sa tréimhse lena mbaineann an tuarascáil seo.

gov.ie/housing

Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland